

Ireland,  
knowledge  
is in our nature™

Tuairisc Bhliantúil 2004



## Don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta:

De bhun an Achta um Forbairt Tionscail 1993, tá a thuarascáil agus a chúntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004 á dtíolacadh leis seo ag IDA Ireland.

Tá sé de bheartas ag IDA Ireland faisnéis a chur ar fáil, ar í a iarraidh, maidir le deontais arna n-íoc le cuideachtaí.

Tá leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ar iarratas.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo agus eolas eile ar IDA Ireland ar fáil ar ár suíomh idirlín [www.idaireland.com](http://www.idaireland.com)

# Ráiteas

“Buafaimid d’Éireann, dá muintir agus dá cuid réigiúin, nuálaíocht agus infheistíocht idirnáisiúnta den chéad scoth, le cuidiú le hathrú leanúnach na hÉireann go treoirshochaí dhomhanda lena mbainfidh cruthaitheacht, foghlaim agus ardleas pearsanta agus sóisialta go fairsing.

## Misin

Oibreimid i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun cur le hinniúlachtaí agus tallanna den scoth na hÉireann agus iad a chomhoiriúnú le scoth na hinfheistíochta domhanda.

Comhlíonfaimid ár misean le hionracas, le gairmiúlacht den scoth agus le freagracht i leith gach duine lena mbeimid ag nó a mbeidh teagmháil againn leo.”

## Clár

Forbhreathnú An Chathaoirligh & An Phríomhfheidhmeannaigh	2
Nualaíocht agus Forbairt ar Scoth Domhanda	8
Ard-fheidhmíocht agus Éifeachtacht	10
Comhthathú agus Tacaíocht Ghnó Géire	12
Ráta Domhanda Éire	14
Staitisticí	16
Bord & Coistí an Bhoird 2005	18
Rialachas Corparáideach	20
Struchtúr Bainistíochta	22
Ráitis Airgeadais	24

“Is é príomh tasc an IDA ná poist a chruthú”

Pleananna Tionsclaíochta Reigiúnda an IDA 1973-77

“Is iad na tionscail agus na fairsingithe nua – mór agus beag – formheasta ag an IDA an fhoinse d phoist an lae amárach

Tuarascáil Bhliantúil an IDA 1974

“Faoi mar a fhásann an saibhreas táirgthe ag tionsclaíocht, méadaíonn líon na bpost tacaithe ag tionsclaíocht laismuigh don earnáil tionsclaíochta chomh maith”

Tuarascáil Bhliantúil an IDA 1984

# Forbheathnú

“Tá an t-áth orainn go bhfuil an oiread comhlachtaí de chaighdeán domhanda againn in Éirinn le mórán dóibh leis an bpoitéinseal do fhairsingiú suntasach thar a n-infheistíochtaí bunúsacha”

Tuarascáil Bhliantúil an IDA 1994

“Tá an straitéis molta nua bunaithe ar Éire ag éirí mar sochaí bunaithe ar eolas ar thús cadhnaíochta san Eoraip, ag an taobh ceannaireachta de thaighde agus nuálaíocht, le bonneagar scoth domhanda”

Tuarascáil Bhliantúil an IDA 2000

## Ó Phoist go Eolas

Thar na 35 bliain deiridh, tá ról lárnach imeartha ag IDA Ireland san fhorbairt de gheilleagar na hÉireann. Don chuid is mó don am sin ba é ár bpríomh mhisean ná poist a chruthú chun na riachtanais fostaíochta suntasacha ag éirí ónár bhfás daonra a aitheasc. Tá an misean seo comhlíonta don chuid is mó. Leanann an lucht oibre ag fás – gar do dhá mhilliún duine anois – ach tá dífhostaíocht cobhsaithe faoi bhun 5% agus lean an geilleagar ag fás go suntasach os cionn meán na hEorpa. Is é ár misean anois ná buachan sa cheann is fearr sa nuálaíocht agus infheistíocht.

I 2000, d'aithin IDA Ireland go raibh dinimic na hÉireann mar shuíomh do infheistíocht díreach eachtrannach chun athrú go suntasach. Bhí dhá fhachtóir criticiúil sa chás seo:



Sean Dorgan, Príomh Fheidhmeannach

John Dunne, Cathaoirleach

# An Chathaoirligh & An Phríomhfheidhmeannaigh

- Bhí fairsingiú leanúnach de gheilleagar an domhain agus domhandú de ghnóthaí ag athrú nádúir na hiomaíochta agus rogha na suímh do IDE.
- Leanfadh rathúlacht na hÉireann féin go dtí tuilleadh athruithe i gcoinníollacha gnó, a iarrfadh athruithe céime inár dtarraingteacht do fhorbairtí níos airde.

Mar thoradh, d'athródh na sóirt infheistíochtaí ar a mbeadh Éire in iomaíocht dó go suntasach agus bheadh a lán infheistíochtaí níos luaithe, a tháinig go hÉirinn in amanna difriúla, faoi réir bagairt fhiúntach.

Sa chomhthéacs seo, leag IDA Ireland cúrsa nua dírithe ar chur leis an athrú leanúnach d'Éire go geilleagar ceannaireachta domhanda, bunaithe ar eolas, ar thús cadhnaíochta teicneolaíochta agus nuálaíochta gnó. Chuireamar straitéis le chéile ag cuimsiú trí eilimint:

- Fócas ar infheistíochtaí nua a bhfuachan nuair a bhí na gníomhaíochtaí ag an taobh cáilíochta de shlabhra luachmhar an ghnó.

- An fás agus an fhorbairt d'ár gcliaint atá ann faoi láthair trí an suimiú de fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí nua in Éirinn, a d'ardaigh an breisluach d'oibriú na hÉireann agus a mhéadaigh a mbaint straitéiseach don thuismitheoir.
- Ag obair go gníomhach chun an timpeallacht agus geilleagar ghnó a fhorbairt, oideachasúil agus fisiceach araon, riachtanach ar fud na hÉireann chun tacú le gnóthaí dian-fhaisnéise. Is tosaíocht speisialta é forbairt réigiúnach sa chás seo.

Tá toradh suntasach bainte amach ag an straitéis seo, in ainneoin iomaíochta nua ó mhórán tíortha agus suaitheadh eacnamaíoch thar na tréimhse. Tá Éire aitheanta anois mar cheann de na suímh is fearr sa domhan d'infheistíocht eachtrannach. Ina dhiaidh an meath i 2001, mhéadaigh líon agus luach na tionscadail infheistíochta in Éirinn i ngach ceann de na bliana déanach go iomlán de seachtó tionscadail infheistíochta nua i 2004 ag cuimsiú infheistíocht de níos mó ná €5bn.

# Forbhreathnú An Chathaoirligh & An Phríomhfheidhmeannaigh *ar leanúint*

## Tairiscint Luacha na hÉireann

Tá an t-athrú i nádúr agus cáilíocht na n-infheistíochtaí atá ag roghnú Éire sa tréimhse seo níos suntasaí na a gcainníocht nó a gcruathú poist leo féin. Tá líon mór tionscadail le feidhmeanna an taoibh ceannaireachta gnó, atá chun tosaigh go teicneolaíoch, agus atá ag braith níos mó ar lucht saothair oile agus proifisiúnta innealta, suite ar fud na h-Éireann. Tá na h-infheistíochtaí seo dinimic ó nádúr, tiomáinte ag an margadh agus ag nuálaíocht agus trasnaíonn siad gach réimse den shlabhra luacha gnó.

Mar thoradh, tá Éire mar shuíomh d'Infheistíocht Díreach Eachtrach athruithe, ó na n-oibríochtaí costais íseal, luach íseal agus oibríochtaí cóimeála agus seirbhíse a bhí ina shainmharc na straitéise nuair a bhí infheistíochtaí lorgtha ó na 1960í ar aghaidh. Tá an tairiscint luacha gnó a táirgeann Éire inniu don chustaiméir soghluaiste ilnáisiúnta méadaithe atá taispeánta is fearr faoi na trí ceann teidil seo a leanas:

## Forbairt agus Nuálaíocht Scoth Domhanda

Fortaithe le infheistíocht suntasach rialtais agus timpeallacht ghnó, is suíomh í Éirinn atá dírithe ar chumas uathúil a bhunú i dtaighde, nuálaíocht agus i gcumas tráchtála. Tá comhlachtaí ilnáisiúnta in Éirinn ar thú cadhnaíocht na forbartha seo cheana. Tá oibríochtaí taighde substainteach ar an láthair, forbairt táirge agus próiseála ag giniúint táirgí agus seirbhísí nua, atá á thráchtáil istigh i margaí ar fud an domhain. Tá comhlachtaí ag dul i bpáirtíocht leis an bpobal fásta go tapaigh, scoth-domhanda, acadúil Éireannach atá ag spreagadh fionnachtain eolaíochta agus ag giniúint eolas nua, ar thaoibh teicneolaíochta agus frontair iomaíocha.

## Ard Fheidhmíocht agus Feidhmiúlacht

Fanann tionsclaíocht mar chnámh droma de gheilleagar na h-Éireann agus leanann sé a bheith freagrach as d'ár infheistíocht díreach eachtrannach. Oibríonn oibríochtaí táirgthe sna hearnála Cógaisíochta, Teicneolaíochtaí Leighis, Innealtóireachta agus TFC go h-an iomaíoch ó Éirinn, ag giniúint brabúis suntasacha dá gallshealbhóirí. Tá na n-oibríochtaí seo tréithrithe trí a bheith mar dhéantóirí ard teicneolaíochta ag obair go dtí na caighdeáin is airde d'fheidhmíocht agus feidhmiúlacht. Tháinig an iomaíochas seo go príomha ó chumas an lucht oibre cáiliúil go hidirnáisiúnta, ard-oilte, so-lúbtha Éireannach faoi cheannas a mbainistíocht agus innealtóirí den scoth.

## Comhtháthú agus Tacaíocht Gnó Géar Imill

Níos minicí, is é Éire an rogha suímh corparáideach do ghníomhaíochtaí comhtháthaithe agus tacaíochta gnó straitéiseacha. Is iad ceanncheathrúna, bainistíocht slabhra soláthair, díolacháin agus margaíocht, tacaíocht loighistice agus theicniúil, bainistíochta airgeadais roinnt de na feidhmeanna atá á dhéanamh ag comhlachtaí in Éirinn chun tacú le custaiméirí go háirithe san Eoraip, sa Mheán Oirthear agus san Afraic (EMEA). Coitianta do na hinfheistíochtaí seo go léir ná an riachtanas do scileanna agus saineolas ard-leibhéil, de ghnáth do chaighdeán cáilíochta tríú nó ceathrú leibhéal. Tá sé seo ceangailte le timpeallacht phroifisiúnta, feidhmíochta go solúbtha agus fíoscach, cumas bainistíochta gnó idirnáisiúnta agus ardchaighdeán saoil aitheanta go forleathan. Cruthaíonn sé seo suíomh ina bhfuil múnlaí gnó nuálaíocha forbartha agus curtha i bhfeidhm ag ceannairí gnó domhanda.

## Bliain Dobhardhroma

Sa chás seo, ba bhliain dobhhardhroma í 2004 do chaighdeán agus nádúr na gcinntí infheistíochta buaite. Chonaic sé torthaí d'iaracht straitéiseach ag an IDA agus mórán páirtithe ó 2001, a d'athraigh luach tairisceana na hÉireann mar shuíomh iomaíoch don dtodhchaí.

I 2004, bhí méadú 10% i líon na gcinntí infheistíochta a rinneadh. Tá buacacht ann trasna gach ceann d'ár earnálacha gnó agus téarnamh suntasach san earnáil TFC. Lean infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt ag gnóthaí thar lear ag méadú agus bhí Éire arís roghnaithe ag mórán mar shuíomh óna bheith ag tacú le gníomhaíochtaí gnó ar fud na hEorpa.

Bhí fógra **Intel** ar a infheistíocht nua Fab 24-2, fairsingiú 1,000 duine **Guidant** i gCluain Meala, infheistíochtaí céime T&F ó **Bell Labs**, **IBM** agus **HP**, infheistíochtaí bithcógaisaíochta ó **Centocor** agus **Pfizer**, lárionaid seirbhísí móra Gnó Eorpach ó **Merrill Lynch**, **Kelloggs**, **Business Objects** agus **McAfee** agus nuachóiriú agus fairsingiú in oibríochtaí seirbhísí Éireannacha **Dell** san áireamh i mbuaic phointí na bliana.

- Rinneadh margaíocht ar 70 tionscadal gnó nua le cliant nua agus reatha, a chuimsigh infheistíocht iomlán de níos mó ná €5 billiún thar na blianta atá le teacht. Beidh gar do 9,000 post cruthaithe ag na hinfeistíochtaí seo, ach is é an cháilíocht in ionad líon na bpost seo atá tábhachtach. Ag léiriú a leithéid, íocfaidh níos mó ná 48% de na poist nua i dtionscadail tacaithe ag an IDA tuarastail thar €37,000.
- Lean infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt ag méadú agus bhí timpeall 36 tionscadal infheistíochta nua T&F tacaithe ag an IDA, ag cuimsiú infheistíocht iomlán ag lucht gnó de níos mó ná €140m.
- Caitheann comhlachtaí atá tacaithe ag an IDA 15.5 billiún i ngeilleagar na hÉireann anois óna ndíolachán bliantúla de €72 billiún agus onnmhairithe de 68 billiún agus d'íoc sé thar €2.7 billiún i gcáin chorparáide i 2004.

- Tá an fhostaíocht iomlán i gcomhlachtaí tacaithe ag an IDA méadaithe beagán go 128,946 ag cúlú an claonadh de na roinnt blianta deireanacha. Ba é líon na bpost nua cruthaithe i rith na bliana ná 10,825; bhí 10,628 cailliúintí poist, atá 20% níos lú ná an bhliain roimhe sin.
- Bhí an scaipeadh d'infheistíocht go geografach ar fud na hÉireann an-suntasach i 2004. Lonnaigh 35 infheistíocht i réigiúin ar fud na tíre, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Fanann an gnóthú de chothromaíocht réigiúnach mar dhúshláin ach is cuid lárnach é de straitéis an IDA agus ceann a bhfuilimid geallta go hiomlán a bhaint amach lenár bpáirtithe náisiúnta agus réigiúnacha.
- Bunthacaíonn na páirceanna ghnó agus teicneolaíochta scoth domhanda atá á forbairt i bpríomh bailte ar fud na tíre straitéis réigiúnach an IDA. I 2004, caitheadh €50 milliún breise ar ár bhforbairtí maoinne (iad go léir beagnach lasmuigh do Bhaile Átha Cliath) chun bunús do fhás i réigiúin sa todhchaí a sholáthair.

## Bearta Nua an Ratha

Ag léiriú nádúir an ratha seo, na riachtanais athruithe d'ár ngeilleagar agus an t-athrú in ár ngnó, tá IDA Ireland ag tuairisciú roinnt táscairí feidhmíochta nó bearta an ratha i mbliana, sa bhreis ar na cinn tuairiscithe san am caite. Tá na táscairí seo níos cineálaí ná mar a bhíodar, agus níos lú dírithe ar bhuntomhas singil líon na bpost. Is é ár dtuairim, go bhfuil siad níos fearr freagrach do nádúr d'ard gheilleagar, seachas ceann atá ag forbairt, ach ceann a bhfuil uaillmhianach chun dul ar aghaidh a thuilleadh chun ard mhian agus riachtanais náisiúnta a chomhlíonadh.

I measc na bearta nua i dtuarascáil na bliana seo a taispeánann cuid de na rannaíochtaí seo tá:

- Infheistíocht chaipitiúil i dtionscadail formheasta
- Meán Tuarastail in infheistíochtaí nua

# Forbheathnú An Chathaoirligh & An Phríomhfheidhmeannaigh *ar leanúint*

- Tionscail tosaithe nó tacaithe ag an IDA/ Comhoibrithe acadúla T&F
- Comhlachtaí cliaint IDA le sainorduithe suntasacha T&F nó EMEA

Ar leibhéal níos leithne, tá táscairí náisiúnta de tharraingteacht ábhartha do IDE taispeánta in ár rannóg staitisticí ar leathanach 14 don tuarascáil seo.

## Ag féachaint don todhchaí

Chun a bheith in iomaíocht caithfimid a bheith de shíor ag nuálaíocht trí oiriúnú agus athrú an luach tairisceana a táirgeann Éire do ghnóthaí idirnáisiúnta. Ciallaíonn sé seo taiscéaladh réimsí agus straitéisí ghnó nua, ag fanacht geallta ar ár mbonneagar digiteach agus fisiceach a fheabhsú, ag coimeád ár luas, lúfaireacht agus solúbthacht clúiteach, ach níos tábhachtaí ag infheistiú in ár muintir, trí oideachas agus taighde. Is é cáil ár muintire agus a scileanna a choimeádfaidh Éire chun tosaigh ar an gcuar.

Caithfidh Éire dul in iomaíocht anois le na tíortha is fearr, is airde sa domhan do ghnó. Beidh na h-infheistíochtaí sa todhchaí níos dúshlánaí agus níos éilithe ná san aimsir chaite. Is dúshlán mór é iomaíochas bunaithe ar fheidhmíocht, feidhmíúlacht, taighde, nuálaíocht agus smaointí ghnó le géar imill a choimeád ach is rud lena nglacaimid le fonn. Táimid muiníneach go domhan atá ag athrú i gcónaí caithfimid leanúint ag infheistiú d'fhonn fanacht chun tosaigh.

Dá bharr, agus ag leanúint ag díriú ar an bpríomh gníomhaíocht de nuálaíocht agus infheistíocht nua a bhuachan, beidh IDA Ireland ag tacú go láidir le iarrachtaí forbartha na h-Éireann i roinnt príomh eárnálacha:

- **Ag seachadadh scileanna agus lucht oibre na todhchaí.**

Tá ceann de na córais oideachais is freagraí sa domhan ag Éirinn ag comhlíonadh riachtanais an

ghnó. Sa chomhthéacs seo, cuirimid fáilte roimh moltaí an athbhreithnithe OECD Ard Oideachais in Éirinn, a chreidimid a leag amach fis soiléir do fhorbairt todhchaíochta d'oideachais agus taighde inár institiúidí ard oideachais Tá IDA Ireland ag tnúth le leanúint ag obair le na geallshealbhóirí in oideachas agus taighde na h-Éireann chun cabhrú le na moltaí an athbhreithnithe OECD a chur i bhfeidhm.

Tá tionscnaimh móra feicthe sna cúig bliana caite, faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, chun an cumas taighde a spreagadh agus a mhéadú. San áireamh leo seo bhí an bunú déanaí de Science Foundation Ireland lena bhfuil IDA Ireland ag comhoibriú go dlúth chun an ceangal idir taighde acadúil agus tionsclaíochta a fhorbairt.

D'fhorbraíodh agus d'fhoilsíodh ***Building Ireland's Knowledge Economy – The Action Plan for Promoting Investment in R&D to 2010*** ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Leagann an plean seo spriocanna ard-aidhmeannacha amach don fhorbairt de chumas taighde sa todhchaí. Ó shin tá IDA Ireland, ag obair go dlúth le Forás, the Chief Scientific Advisor, Science Foundation Ireland, Enterprise Ireland agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le straitéisí don chur i bhfeidhm den phlean seo. De bharr a thábhacht criticiúil straitéiseach don fhorbairt de gheilleagar nuálaíoch tiomáinte ag eolas, beidh cur i bhfeidhm an phlean seo ina phríomh fócas do IDA Ireland sna blianta atá le teacht.

- **Bonneagar**

Leanann an fhorbairt de gheilleagar na h-Éireann a bheith criticiúil do chumas na h-Éireann chun fanachta mar shuíomh iomaíoch go h-idirnáisiúnta do ghnó. Le rochtain scoth-domhanda, teileachumarsáid, seirbhísí ghnó, polasaithe uisce

agus bainistíochta dramhaíola, réitigh maoinne agus áiseanna nós-maireachtála ina riachtanas bunúsach d'aon gheilleagar rathúil Tá gealltanas na h-Éireann le forbairt bonneagair soiléir d'aon ghnó a bhraitheann an ceangal agus an iomaíochas d'ár dteileachumarsáid agus an fheabhsú leanúnach inár mbonneagar iompair.

Mar a leanann ár ngeilleagar agus ár ndaonra ag fás tá gá ann chun ár bhforbairt bonneagair don toadhcháí a phleanáil, áfach. Agus é seo á dhéanamh caithfimid féachaint ar cheisteanna ar nós:

- Nádúr na timpeallachta maireachtála a theastaíonn uainn a chruthú
- An bhfuil ár bpleananna cuí chun bualadh leis an bhfás fortheilgthe.

Sa chás seo, is é dearcadh an IDA gur chóir an t-ullmhúchán de Phlean Forbartha Náisiúnta nua chun an tréimhse 2007 go dtí 2011 a chlúdach tosú láithreach.

#### ■ Forbairt Réigiúnach

Tá dúshlán mór in ár n-aghaidh, faoi mar a rachaimid chun cinn, chun dea-chothromaíocht a

choimeád san fhorbairt d'ár réigiúin. Tá an Straitéis Spásúil Náisiúnta bunúsach don chruthú de lárionaid tarraingteacha i ngach réigiúin don bhuanach d'infheistíocht isteach. Leanfaimid ag obair le údaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus suime chun an comhlíonadh de dhea-fhás réigiúnach a ghnóthú.

D'fhonn an chéad 30 bliain eile a dhéanamh chomh torthúil mar na blianta ata imithe thart, beidh orainn fanacht dírithe ar na gnóthaí agus teicneolaíochta is fearr agus geallta dóibh a thabhairt go h-Éirinn. Trí athneartú agus ath-infheistiú in ár gcóras oideachais agus in ár mbonneagar, agus fanacht mar an geilleagar is solúbtha agus is cairdiúil ó thaobh an gnó de, táimid ag comhlíonadh an dúshlán seo faoi láthair. Ach caithfimid fanacht síor aireach chun athrú agus caithfimid a bheith réidh i gcónaí chun ár dtaobh iomaíoch a cheartú chun a chinntiú go bhfuilimid mar an suíomh is fearr sa domhan ag tarraingt infheistíochta isteach agus ag forbairt na comhlachtaí atá bunaithe in Éirinn cheana.

*Ba mhaith leis an mBord áitheantas a thabhairt do gach ball do fhoireann IDA Ireland as glacadh agus gnóthú le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta agus ar son a n-obair cruaiigh agus a ndúthracht.*

## Táiscairí IDA Ireland

Táscaire	Luach 2004
Líon na dTionscadal Úrnua	37
Líon na dTionscadal Fairsingithe	33
Infheistíocht Chaipitil i dTionscadail Formheasta	€5.0 billiún
Meán Tuarastal in Infheistíochtaí Nua	€40,000
Íocaíochtaí Cánach Chomparáide Bhliantúla de Chomhlachtaí Cliaint IDA	€2.7 billiún (measta)
Líon na dTionscadal T&F Cumais agus Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Formheasta ag Comhlachtaí Cliaint	36
Cruthú Fostaíochta (Poist Nua)	10,825
Tionscal tacaithe/tosaithe ag an IDA – Comhoibrithe T&F Acadúla	7
Líon na gcomhlachtaí cliaint an IDA ag infheistiú níos mó ná €250,000 in aghaidh na bliana ar T&F	238
Líon na gcliaint an IDA le sainordú corparáide T&F suntasach	139
Líon na gcomhlachtaí cliaint an IDA sainordú chun táirge agus seirbhísí a sholáthar don Eoraip, an Mheán Oirthear agus an Afraic (EMEA)	144



Ba fhógra suntasach é i an clár infheistíochta 2004 €69 milliún a comhaontaíodh idir Lucent Technologies' Bell Labs, IDA Ireland Science Foundation of Ireland. Ceann de na h-infheistíochtaí ba shuntasáí ag Rialtas na hÉireann i gclár taighde acadúil tionscail comhoibríthe beidh sé á dhéanamh ag ceann de na h-institiúidí taighde is cáiliúla sa domhan, Bell Labs i gcónasc le grúpa lucht taighde acadúil Éireannach.

Bunófar ionad nua taighde do Bell Labs Research in Éirinn. Direoidh an t-aonad ar teicneolaíocht teileachumarsáide an chéid ghlúin eile agus déanfaidh siad a gclár féin T&F le sainordú corparáideach mar aonad ard-oibre do thaighde tiomáinte ag slabhra-chun luacha.

Múnlóidh na páirtithe acadúla, ó 8 institiúid acadúil Éireannach, cuibhreas taighde comhoibríthe, Beidh ceanncheathrú an Centre for Telecommunications Value-Chain-Driven Research (CTVR), i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

Beidh an saineolas a forbrófar laistigh don dá aonad feidhmeach, ní hamháin do Lucent, ach don dá chomhlacht ilnáisiúnta FBM in Éirinn ag obair sa dearadh, tionscail agus obair aon ard-tháirge leictreonach nó páirteanna agus go mór mhór iad san dírithe ar ghréasáin cumarsáide sheasta gan shreanga.

# Nualaíocht

Tá infheistíocht i bhforbairt ag cur Éire ar an léarscáil mar cheannaire domhanda i dteicneolaíocht faisnéise agus eolaíocht saoil an chéid ghlúin eile. Tá cumas forbartha taighde agus nuálaíochta agus iomaíocht marthanacha Éireann riachtanach do fhás eacnamúil san am atá le teacht.

Bíonn an IDA gníomhach ag spreagadh comhlachtaí chun infheistíocht a dhéanamh in eolaíocht agus nuálaíocht teicneolaíochta agus oibreacha lárnach T&F a thógáil in Éirinn. Faoi láthair, tá ós cionn 300 comhlacht ilnáisiúnta trasna gach tionscail gníomhach i T&F agus tá an IDA geallta leis an uimhir seo a dhúbailt faoi 2010. I 2004, bhí tacaíthe ag IDA Ireland le tríocha sé tionscain bainteach le hinfeistíocht gnó os cionn €140m.

I gcomhthreo, is straitéis tosaíochta nuálaíochta é cumas taighde acadúil na h-Éireann leis na dtáirgí tuairimí agus tallann a fhorbairt. Tá athrú mór déanta ag srath tionscadail náisiúnta ar bhonn eolaíochta in Éirinn, le caiteachas do €2.5 billiún ar T&F agus ar bhunú an Science Foundation of Ireland.

Is ceannaire margaigh é Merit Medical Systems Inc. ar táirgí leighis úsáid-amháin chun fáthmheasta agus cóireáil ar ghalair cairdiach soithíoch. Anuraidh, rinne an comhlacht cinneadh €9.3 milliún eile a infheistiú ina obair in Éirinn. San áireamh le forleathnú gníomhaíochtaí T&F tá forbairt phríomh tháirgí nua a bheidh i lár faobhar na teicneolaíochta leighis agus a bheidh comhtháite mar lárionad-sainiúlachta laistigh den Ghrúpa.

*"Our high level of satisfaction with our Galway facility's ability to taken on new challenges and its successful track-record in developing new products over the past ten years, were major factors in implementing this crucial investment there"* Mr. Fred Lampropoulos, Cathaoirleach, Uachtarán agus CEO.



Tá an Corparáid IBM, an comhlacht teicneolaíochta faisnéise is mó sa domhan ag déanamh infheistíochta de €22 milliún ina áis T&F - IBM Dublin Software Laboratory. Tá an infheistíocht seo mar chuid de straitéis forbartha IBM do ghnó na mbogearraí dírithe ar a gceannasaíocht a choimeád ar an margadh "meán-earraí" agus cuirfidh sé le saotharlainne eile IBM go domhanda.



Forbróidh an saotharlann i mBaile Átha Cliath na príomh pháirteanna do 'Lotus Workplace' IBM, táirge nua bogearraí deartha chun cabhrú le custaiméirí obair níos torthúla le chéile ag úsáid éagsúlacht feidhm freastalaí-bainistithe do r-phost, teachtaireacht sciobtha, bainistíocht doiciméad agus comhoibriú foirne comhtháite.

Tabharfar isteach fearaistí nua i dtaighde bogearraí do faobhar na teicneolaíochta a aistroidh saotharlann na hÉireann isteach go croí-lár forbairt bogearraí. "Our decision was influenced by the availability of the necessary skills, the growing emphasis on scientific research by the Science Foundation of Ireland and the strong Support of IDA Ireland." Elaine Stephen, IBM's Stiúrthóir an Lotus Workplace Collaborative Learning.

Tá an Saotharlann Bogearraí Baile Átha Cliath ag tógáil gaol láidir le lucht acadúil na hÉireann. Tríd an gclár IBM 'Extreme Blue' agus Lárionad Bhaile Átha Cliath d'Ard Staidéar, tugtar deis do 15 eolaí Éireannach d'ard aicme agus do mhic léinn éirimiúil in eolaíocht ríomhaireachta agus gnó chun obair laistigh do na saotharlanna teicneolaíochta faisnéise is nuálaí atá ag IBM sa domhan.

## agus Forbairt ar Scoth Domhanda

Hewlett-Packard (Manufacturing) Limited, an ceannaire sa mhargadh léasar agus scaird phrintéir, pleananna chun infheistíocht de €21.4 milliún chun áis Lár-ionaid Forbartha Teicneolaíochta scoth domhanda a bhunú ag a



n-ionad tionsclaíochta ag Léim an Bradáin in aice le Baile Átha Cliath. Beidh an t-aonad nua Éireannach comhpháirteach leis an n-eagraíocht soláthair T&F sa Stáit Aontaithe chun glúin nua do theicneolaíocht scaird phrintéir Ceann-Cló-Comhtháite cartús cló sofaisticiúil ar gach cartús.

Is dul chun cinn nádúrtha é an infheistíocht seo ag teacht ó bheith díreach ina eiseach tionsclaíochta, go dtí oibriú sa sraith is luaithe do thaighde agus forbairt.

Is céim anairde le cumas suntasach é d'oibreacha Léim an Bradáin, a fhostaíonn os cionn 1800 duine agus tá sainordú straitéiseach tionsclaíochta domhanda aige cheana féin. Bainfear úsáid as na tallain substaintiúil, go mór mhór in innealtóireacht agus teicneolaíocht, atá in na h-oibreacha atá ann faoi láthair chun cumas éifeachtach T&F domhanda a chruthú.

Fostaíonn Comhlacht Hewlett-Packard 2,200 duine in Éirinn i raon feidhmeanna lena n-áirítear forbairt bogearraí, innealtóireacht, ríomhaireacht ard-gníomhaíochta, díolachán agus margaíocht, cabhair custaiméara, airgeadas idirnáisiúnta agus seirbhís bainistithe.

Ceann de na gnóclachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh is mó in Éirinn, atá aitheanta níos mó ar son a crainn tógála agus innill tógála atá in Éirinn le 46 bliain. I 2004, rinneadh cinneadh chun foireann saineolaithe T&F nua a chur le agus "smacht lárnach" le freagracht do chrainn-tógála áirtheaí Liebherr. Forbróidh an foireann nua táirgí ó choincheap go dtí seoladh an táirge.

# LIEBHERR

Nearthaíonn an infheistíocht seo seasamh straitéiseach Oibreacha na h-Éireann laistigh den Ghrúpa agus tá sé mar bheis ar dhualgais atá ann faoi láthair do mhargaíocht domhanda, tógáil agus seirbhís tar éis díolacháin crainn tógála Liebherr. Beidh an comhlacht Éireannach ina úinéir ar aon Mhaoin Intleachta (MI) a forbraítear.

Bhí cinneadh Intel i 2004 chun €1.6bn a infheistiú ina áis déantúsaíochta leathsheoltóir teicneolaíochta is déanaí a thógáil mar sprioc a dheimhniú go dtagann an faobhar de dhéantúsaíocht leathsheoltóir go hÉireann agus go dtí an Eoraip.

Tá Intel ag cur lena áis ag Léim an Bhradáin in Éirinn leis an dteicneolaíocht chun an chéad ghlúin eile de mhicreaphróiseálaithe ag úsáid sliseoige 300mm agus teicneolaíochtaí 65-nanaiméadar. Beidh micrhliseanna nua níos lú, níos tapa ag úsáid níos lú cumhachta agus ar a mbíonn feidhmíú níos mó ná iad atá á tháirgeadh faoi láthair agus osclófar deiseanna iarratais táirge nuaíochta nua don tionscal TCF.

Bhí feidhmíocht oibriúcháin Éireannach an-thábhacht agus an cinneadh seo á dhéanamh, sa phróiseas ard-teicneolaíochta is sofaisticiúla ar domhan, a d'éirigh a

bheith mar cheann is éifeachtaí laistigh den Intel Group. Tá sé seo mar thiomsú ar an mbainistíocht, scileanna agus inniúlacht innealtóireacht agus teicniúla den lucht saothair láidir Éireannach 5000 ag Intel.

*"The development of the Intel facility over the last decade perfectly illustrates the manufacturing model which is of critical importance to the next phase of economic development in Ireland. The continued evolution of Intel Ireland as an innovative, research driven and sophisticated manufacturing operation has ensured that the facility remains at the cutting edge of development and leads the way in the European semiconductor industry".*  
An Tánaiste.



# Ard-fheidhmíocht

Fanann déantúsaíocht mar chnámh droma gheilleagar na hÉireann agus leanann sé a bheith freagrach as cuid suntasach den infheistíocht díreach eachtrach isteach in Éirinn gach bliain. Feidhmíonn oibriúcháin déantúsaíochta sna hearnálacha Cógaisíochta, Teicneolaíochtaí Leighis, Innealtóireachta agus roinnt ghnéithe den earnáil TFC go han- iomaíoch ó Éire, ag giniúint brabúis suntasacha dá ngeallshealbhóirí. San aimsir caite, bhí costais ísle measta mar an bpríomh ghné dár mbuntáistí iomaíochta. Tá tábhacht le costais mheánach go fóill ach sa lá atá inniu ann is é an phríomh fhachtóir iomaíochta ná táirgiúlacht a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus tagann sé seo ó mheascán de thimpeallacht chostais Eorpach nua-aimseartha iomaíoch le hinniúlacht lucht saothair Éireannach solúbtha, sároilte stiúrtha ag a mbainistíocht agus innealtóirí den scoth. Tá oibriúcháin déantúsaíochta in Éirinn inniu tréithrithe trí bheith mar oibriúcháin ard-theicneolaíochta ag táirgeadh ar an gcaighdeán is airde d'fheidhmíocht agus éifeachtacht.



Bheartaigh an Fortune 500 ilchuideachta éagsúla SPX Corporation, bunaithe in Charlotte, North Carolina, sna Stáit Aontaithe, a fochomhlachta innealtóireachta Éireannacha Dollinger (Ireland) Limited, Cill Airne, Co. Chiarraí a fhorleathnú. Tá Dollinger ag baint le déantúsaíocht in Éirinn

ó 1981 agus tá sé freagracht as dhá príomh líne táirge – gnó traidisiúnta a traidisiúnta a chuireann réitigh scagacháin do na tionscail ceimiceáin, cumhacht agus gáis agus líne déantúsaíochta speisialta in scagaire agus eilimintí aeir comhbhrúite. Bunaíonn an infheistíocht nua sin an áis Éireannach mar an ionad domhanda don fhorbairt agus táirgeadh de a tháirgí aeir comhbhrúite. Tá an comhlacht ag athlonnú ar áitreabh táirgeadh nua agus fostófar breis agus 70 duine le scileanna i bhfeidhmíocháin ar nós innealtóireacht, soláthair, pleanáil agus seirbhísí custaiméara.

## GUIDANT

D'fhógair Guidant Corporation, ceannaire domhanda sa thionscal teicneolaíocht leighis, i 2004 go bhfuiltear ag dúbailt méid a áise déantúsaíochta Éireannaigh. Dearann, forbraíonn agus déanann Guidant táirgí a dhéanann íos-ionraidh don chóireáil de ghalair cairdiach soithíoch. Tá an forleathnú i gCluain Meala mar thoradh ar an bhforbairt den chéad ghlúin eile de stents

corónacha clúdaithe le druga. Riarann na táirgí nua seo, a chuirtear isteach in artairí blocáilte chun teip croí a chosc, druga scaoileadh smachta chun an ath-bhlocáil d'artairí a chosc. Beidh an oibriúchán i gCluain Meala freagrach as na táirgí nua ag tabhairt ón gcéim T&F sna Stát Aontaithe iad go táirgeadh méid an chéid uair.

Is comhlacht ceannaireachta cógaisíochta Seapánach é Fujisawa, atá ag infheistiú €17 milliún i bhfairsingiú a oibriúchán Éireannach ag Cill Orglan, Co. Chiarraí. Déanann an áis Prograf; an imdhíonacht a shochtadh úsáidte chun diúltú ag faighteoir de bhaill trasphlandáilte nua a

chosc. Tá Prograf mar an táirge is tábhachtaí ag Fujisawa agus imríonn an oibriúchán Éireannach príomh ról i sraith saoil na táirge seo. Tá sé mar cheann de na imdhíomacht a shochtadh is mó úsáidte ag othair sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus sa Seapáin agus dáiltear é ó Cill Orglan go níos mó

ná 60 tír ar fud an domhain. Ina theannta ar chumas déantúsaíochta a mhéadú, áiríonn an infheistiúocht spás saotharlainne breise do fhorbairt teicneolaíochta nua.



## agus Éifeachtacht



Is comhlacht cógaisíochta speisialta faoi

úinéireacht phríobháideach é Innocoll Inc. a thugann faoi thaighde, fhorbairt, sholáthar tráchtála, agus mhargaíocht de ard-tháirgí, idirdhealaithe ag baint úsáid as a ardáin dílseánaigh, nuálaíochta bunaithe ar chollaigin CollaRx™ agus LiquiColl®.

I 2004, rinne Innocoll an cinneadh straitéiseach chun a ghnó a fhorleathnú agus bhunaíodar ceanncheathrúna rannóige Eorpacha do dhá cheann dá rannóga in Éirinn. Tá Innocoll Technologies, rannóg seachadta drugaí an chomhlachta, suite i mBaile Ros Comáin, agus tá Innocoll Pharmaceuticals, rannóg díolacháin agus margaíochta an chomhlachta, suite i mBaile Átha Luain. Fostaíonn na hoibriúcháin foireann

T&F, innealtóireachta, déantúsaíochta agus tacaíochta mhargaidh ard-cháilithe. Déanann Innocoll Pharmaceuticals Collatamp® G, ceaptha chun galrú iar-mháinliachta a chóireáil agus a chosc, agus déanfaidh siad margaíocht ar tháirgí breise forbartha trí Innocoll Technologies agus fáltais táirgí go bhfuil oircheas straitéiseach acu lena príomh phunann táirge.

Bheartaigh Pfizer Corporation le linn 2004 €240 milliún a infheistiú san fhairsingiú dá áis siocroite agus déantúsaíochta steiriúil i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath. Táirgeann an monarcha roinnt táirgí Pfizer díolta go domhanda faoi láthair, lena n-áirítear an antashubstaint, druga ailse cíocha, agus cóireáil d'ionfhabhtaithe giosta. Ar chríochnú a tionscail seo i 2008, déanfaidh an monarcha dúbláil agus beidh an cumas déantúsaíochta ag táirgí

steiriúla nua i bplíne táirge Pfizer mar a fhaightear ceadúnú rialála.



Fostaíonn Pfizer níos mó ná 2,000 duine in Éirinn ag naoi n-oibriúchán lonnaithe i gceantair Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath. *"The skilled workforce and welcoming business environment in Ireland serve as a model for other countries that wish to attract or retain a vibrant pharmaceutical industry."*

John Mitchell, President of Pfizer Global Manufacturing.

Téann an trácht is mó ar an gceann scribe Idirlín Yahoo! agus tá sé mar an branda cáiliúla Idirlín ar domhan. Tá 25 suíomh idirnáisiúnta i 13 teanga acu, ag mealladh 325 milliún cuairteoirí measta gach ráithe. I 2003, tháinig Yahoo ar Overture, GoTo. com roimhe sin, a bunaíodh feidhmiú rathúil i mBaile Átha Cliath.

I 2004, i ndiaidh an ghlactha, roghnaigh Yahoo an bhun Éireannach d'ionad feidhmiú Eorpach comhtháite nua chun a dtáirgí agus a seirbhísí a thacú trasna

na hEorpa. Áiríonn an áis sin an t-ionad sonraí Eorpach, seirbhísí idirlín ilteangacha, tacaíocht chustaiméara agus seirbhísí roinnte riaracháin agus airgeadais.

Tá rath gnó Yahoo á thiomáint ag daoine óga le tallanna agus scileanna teicniúla. Bhí comhcheangal Éire de linn céimithe ildisciplíneach cáilíochta agus timpeallach ghnó iomaíochta le béim ar mheáin cumarsáide digiteach mar na comhábhair a mhothaigh Yahoo a chabhródh leo chun rath níos mó a bhaint amach.



I 2004, roghnaigh Dell, an díoltóir díreach ríomhaire a is mó ar domhan, a Ionad Gnó EMEA (European, Middle East and Africa) a lonnú in áis nua-aimseartha, a bheidh mar an ionad tacaíochta teicneolaíochta agus cúraim chustaiméara in Éirinn.

D'fhorbairt an infheistíocht sin an oibriúchán Éireannach a bhí ann ó ghníomhaíochtaí gnó meán-luacha, ag freastal ar an Ríocht Aontaithe go príomha, go EMEA Business Centre go hard-luacha. Baineadh le cur le roinnt phríomh fheidhmeanna faoi fhócas Eorpa, ar nós díolacháin, ordaithe, forbairt agus seirbhísí réimse TF, margáíocht, cumarsáide, agus an cruthú de Enterprise Expert Centre, chomh maith le cúram ar mhargáí áirithe agus tacaíocht ard-deireadh do theicneolaíocht inmheánach Dell.

# Comhthathú

Tá ath-innealtóireacht ar conas a déantar gnó ag éirí mar an bpríomh ghné ar chorparáid nuálaíocht rathúil i margadh domhanda ag athrú go tapa, agus iomaíocht go méadaitheach. Is iad “Optamú slabhra luachála”, “outsourcing”, béim ar “phríomh inniúlacht”, “maoin intleachta” agus “cumais straitéiseach” mar chuid den na téarmaí agus módúlachtaí lena bhfuilimid go léir in aitheantas. Sa lá atá inniu, d'fhéadfadh feidhmeanna straitéiseach ar nós ceanncheathrú, bainistíocht slabhra soláthair, tacaíocht margáíochta agus díolacháin, tacaíocht teicniúil agus loighistic, bainistíocht airgeadais mar fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí go léir, nuair a úsáideann na múnlaí cearta, difriú agus buntáiste gnó iomaíochta a chur ar fáil.

D'aithin Éire na hathruithe sin. Trí chomhcheangal de thimpeallacht oibriúcháin solúbtha, lucht saothair ilteangach, cumas bainistíochta aicme domhanda, cáilíocht saoil, agus timpeallacht fhioscach bhuntáisteach isteach mar fhoirmle buachana táthar ag daingniú roinnt den chomhthathú gnó straitéiseach agus níos sofaisticiúla agus gníomhaíochtaí tacaíochta ó cheannairí domhanda sa ghnó.



I 2004, bhunaigh an tríú comhlacht cógaisíochta is mó ar domhan ceanncheathrúna i mBaile Átha Cliath chun tabhairt faoi thaighde chliniciúil, ghnóthaí rialála agus thacaíocht

mhargáíochta do Merck san Eoraip agus chun díolacháin agus margáíocht a bhainistiú don mhargadh Éireannach.

Tá Merck Sharpe & Dohme (Ireland) Ltd. lonnaithe i dTiobraid Árann, agus soláthraíonn siad táirgí ar bharr an

mhargaidh le haghaidh airtritis, plúchta, oistéapóris, galair chroí agus HIV/Aids, chomh maith le roinnt tháirgí ospidéal speisialta.

Bhí an infheistíocht cheanncheathrúna seo de €5 milliún mar thoradh ar an gcaidreamh a bhí ag an gcomhlacht le hÉire le fada anuas agus beidh ról níos mó ag oibriúcháin Éireannacha anois i gníomhaíochtaí domhanda Merck dá bharr; i bhfad níos mó ná ról dhéantóra chomhábhair cógaisíochta gníomhacha.

Tá Business Objects mar sholáthraí faoi chinnireacht domhanda de réitigh bogearraí intleachta gnó, a chuir ionad oibriúcháin nua in Éirinn chun freastal ar chustaiméirí ar fud an domhain. Cuireann bogearraí intleachta gnó an chomhlachta, úsáidte ag níos mó ná 30,000 custaiméir ar fud an domhain, ar chumas eagraíochtaí tuiscint níos fearr a fháil ar a ngnó, déanamh cinnidh a fheabhsú, agus feidhmíocht fhiontair a optamú.

Imríonn an t-ionad Éireannach ról straitéiseach i bhforbairt an chomhlachta dá mhargaí domhanda. Is é a phríomh chúram ná a tacaíocht a shruthlíniú agus a leibhéal seirbhíse go custaiméirí idirnáisiúnta a mhéadú. Áiríonn feidhmeanna san oibriúchán i mBaile Átha Cliath tacaíocht teicniúil ilteangach, seirbhísí roinnte, dúshaothrú MI, maoin intleachtach (MI) a bhainistiú, logánú bhogearraí domhanda, tacaíocht mhargaíochta agus dáileadh táirge.



Roghnaigh Kellogg Company, an soláthraí is mó ar domhan d'abhair bhricfeasta ullamh-le-n-ithe Éire d'Ionad Oibriúcháin Eorpach nua

chun a mhargadh Eorpach atá ag fás a bhainistiú. San áireamh sna príomh ghníomhaíochtaí déanta san ionad tá margaíocht, bainistíocht slabhra soláthair agus díolacháin, ag tacú le oibriúcháin dáileadh agus déantúsaíochta Eorpach Kellogg's. Ina theannta, tá cúram airgeadais do

chinnidh infheistíochta caipitiúla Stáitchiste, anailís airgeadais agus rialú creidmheasa.

*"It is important that Kellogg is organised and structured in Europe to take advantage of the full market opportunities that the enlarging EU offers and responds to the changing economic and commercial landscape. Ireland proved to be the best option for us being a cost effective and efficient base with good access and communications to the EU market from a Euro-based location."* Tim Mobsby, Area President of Kellogg's.

## agus Tacaíocht Ghnó Géire



Tá McAfee Inc mar cheann de na comhlachtaí bogearraí

is mó ar domhan agus comhchiallach le slándáil Idirlín. Thar an dá bhliain seo caite, tar éis tabhairt faoi athstruchtúrú dá oibriúcháin, bheartaigh McAfee Inc ar a ionad bogearraí a lonnú i gCorcaigh chun freastal ar an margadh EMEA, ag aistriú réimse de ghníomhaíochtaí ard-leibhéal go hÉireann.

Le breis agus 80% ina gcéimithe coláiste, áiríonn an áis láraithe nua forbairt táirge bogearraí, bainistíocht de shlabhra soláthair agus innealtóireacht. Tá an fhoireann comhchruinniú táirge ilteangach, ar a ngearrtar táirgí a scaoileadh in éineacht le gnéithe sainithe-margaidh idirnáisiúnta i dteangacha difriúla ar leith, mar chuid criticiúil den sraith forbartha táirge. Áiríodh chomh maith ionad seirbhísí roinnte airgeadais, a bhainistíonn agus a thacaíonn gníomhaíochtaí ioncaim agus airgeadais an chomhlachta trasna an EMEA.

Tá Merrill Lynch mar cheann de na comhlachtaí comhairleacha agus bainistíochta airgeadais is mó ar fud an domhain, le níos mó ná 500 duine fostaithe acu ina oibriúcháin Éireannacha.

Ag tógáil ar a rath ó shin, tá Merrill Lynch tar éis leathnú amach go suntasach ó 2003 agus tá réimse leathan de theicneolaíocht bhreise, oibriúcháin agus fheidhmeanna tacaíochta airgeadais mar chuid dá oibriúchán nua i mBaile Átha Cliath chun cur le díolacháin fhéich agus gnóthaí trádála agus bainistíochta maoine an bhainc. Thar an 2 bliain seo caite tá líon na foirne i mBaile Átha Cliath dúbailte.



## Merrill Lynch

*"Our experience shows that Dublin offers a superb base for financial services firms. We've had an excellent track record here in attracting high-calibre employees and, with the assistance of IDA Ireland, of securing the right environment for the continued growth of our business".* Mike Ryan, CEO, Merrill Lynch, Ireland

## An Tír **IS MÓ DOMHANDAITHE**

do 3 bliain i ndiaidh a chéile...

Domhandú agus a thionchar; tomhaiseann an innéacs comhtháthú geilleagrach, duine-ar-dhuine, polaitiúil agus teicneolaíochta thar 62 tír, freagrach as 96% de OTI an domhain agus 85% de dhaonra an domhain. As 62 tír, tá Éire sa 1ú le trí bliain anuas.

*Foinse: AT Kearney / Foreign Policy Magazine Globalisation Index, 2004*

## **SA CHÉAD ÁIT** i Sreabhadh Infheistíochta

Díreach Eachtrach mar % de OTI

Tomhaiseann an táscaire seo, as 60 tír curtha faoi shuirbhé, sreabhadh isteach de Infheistíocht Díreach Eachtrach i SA\$ mar chéatadán de Olltáirge Intíre nó luach iomlán na n-earraí agus seirbhísí go léir táirgthe in Éirinn.

*Foinse: IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

# Ráta Domhanda

Tá Éire iomaíoch i leith infheistíocht a fháil ar scála domhanda agus bíonn na roghanna suímh do ghnó ag fás agus ag athrú i gcónaí. Tá sé tábhachtach eolas agus tuiscint a fháil ar stádas Éire i dtéarmaí feidhmíochta geilleagrach, tarraingteacht do infheistíocht díreach eachtrach agus iomaíochais domhanda, i gcomparáid le tíortha forbartha agus iomaíochais eile ar fud an domhain. Tá na sonraí rátála sa rannóg seo ó éagsúlacht de fhoinsí idirnáisiúnta mar chuid de na táscairí de shuim infheisteoirí gnó.

## **SA CHÉAD ÁIT** in Infheistíocht

Phunainne (Sócmhainní SA\$ Billiúin)

Léiríonn an chéim seo, as 60 tír curtha faoi shuirbhé, méid na sócmhainní airgeadais atá i seilbh chomhlachtaí eachtracha in Éirinn agus rath a tionscail seirbhísí airgeadais domhanda.

*Foinse: IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## **SA TRÍÚ ÁIT** i dTáirgiúlacht Iomlán (OTI Cothroime Chumhachta Cheannacháin (CCC) in aghaidh an duine fostaithe)

As 60 tír curtha faoi shuirbhé, is tomhas é seo de chumais bhreisluacha agus tháirgeachta an gheilleagair lena iomaíochais san áireamh. Ligeann feidhmíocht táirgiúlachta léirithe ar bhonn chothroime chumhachta cheannacháin do chomparáid idirnáisiúnta trí dhifríochtaí i ráta malairte/airgeadraí a thabhairt faoi deara.

*Foinse: IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## SA CHÉAD ÁIT do Cháilíocht Bheatha

As 111 tír curtha faoi shuirbhé, bhí Éire mar an áit is tarraingtí ar domhain chun obair agus maireachtáil ann. De réir an EIU, fuair Éire an chéad áit toisc go bhfuil na tréithe is inmhianaithe den saol nua le fáil ann – folláine ábhartha, rátaí dífhostaíochta ísle, agus díolúintí polaitiúla – leis an chothabháil de shean-thréithe áirithe chun sástacht saoil a fheabhsú, ar nós saol teaghlaigh agus pobail buan.

**Foinse:** *The Economist Intelligence Unit; Worldwide Quality-of Life Index 2005*

## SA CHÉAD ÁIT don Ráta Cánach

### Corparáidigh ar Bhrabús

As 60 tír curtha faoi shuirbhé, léiríonn an táscaire seo ráta cánach corparáidigh tarraingteach na hÉireann i gcomhthéacs domhanda agus an ráta iar-chánach ard dóchúil ar aischur ar infheistíochtaí. Is é seo an comhaireamh den uasráta cánach, ríofa ar bhrabús roimh cháin.

**Foinse:** *IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## Aschur is AIRDE de Chéimithe Eolaíochta agus Innealtóireachta

Léiríonn an tuarascáil seo sonraí ar infheistíocht agus fheidhmíocht thaighde Eorpach, agus cuireann sé stádas na hEorpa agus a Bailistáit i gcomparáid lena bpríomh iomaitheoirí, an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe. Is í a phríomh aidhm ná chun chur ar chumas cheannairí Eorpacha monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun chinn i dtaighde agus nuálaíocht.

**Foinse:** *EU Directorate-General for Research: Third European Report on Science and Technology Indicators 2003; per 1 000 population aged 20-34.*

# Éire

## SA DARA ÁIT i nGaisce Ard-Oideachais

As 60 tír curtha faoi shuirbhé; taispeánann sé seo an céatadán den daonra san aoisghrúpa 25-34 go bhfuil oideachas tríú leibhéal ar a laghad bainte amach acu.

**Foinse:** *IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## AN CHÉAD ÁIT i gCruthaitheacht

As 30 tír curtha faoi shuirbhé, bhí Éire curtha sa chéad áit dá 'haicme cruthaitheach' nua, is iad siúd a thiomanaídh geilleagar eolais na 21ú Aoise, a teicneolaíochtaí agus a struchtúir shóisialta.

**Foinse:** *The Rise of the Creative Class, Richard Florida published by Basic Books, 2004*

## Rátáilte sa CHÉAD 15 do Chomhoibriú T&F idir Gnó agus an Lucht Acadúil

Is táscaire é seo de cheann de an príomh thréithe de gheilleagar nua-aoiseach, stiúrtha ag nuálaíocht, is é sin comhoibrithe agus gréasáin Taighde agus Forbartha (T&F) a chruthú idir tionscal agus an lucht acadúil. Is tiománaí geilleagrach inmhianaithe é an t-aschur de eolas roinnte agus theicneolaíocht ceangailte le cumas trádálaithe gnó. Fuair Éire an 11<sup>ú</sup> áit as 102 tír curtha faoi shuirbhé.

**Foinse:** *IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## SA TRÍÚ ÁIT i Sothlúbthacht agus Inoiriúnacht

As 60 tír curtha faoi shuirbhé: Tagraíonn an táscaire seo le chomh éasca agus chomh éifeacht a ghlacann daoine sa gheilleagar le hathrú agus a slí a fhreagraíonn siad ar athruithe.

**Foinse:** *IMD, World Competitiveness Year Book, 2004*

## Fostaíocht I Gcomhlachtaí Tacaithe Ag IDA

	1995	1996	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004
Poist nua líonta	11,921	13,153	14,663	15,909	17,629	22,998	13,052	10,928	9,576	10,825
Líon na gComhlachtaí	964	1,035	1,096	1,155	1,261	1,246	1,141	1,099	1,063	1,022
Fostaíocht Lánaimseartha	92,389	99,491	109,155	117,745	126,239	141,178	136,491	132,379	128,749	128,946
Athrú glan i bhfostaíocht lánaimseartha	6,790	7,102	9,664	8,590	8,494	14,939	-4,687	-4,112	-3,630	197
% Athrú glan	+7.9%	+7.7%	+9.7%	+7.9%	+7.2%	+11.8%	-3.3%	-3.0%	-2.7%	+0.2%
Poist Caillte	-5,131	-6,051	-4,999	-7,319	-9,135	-8,059	-17,739	-15,040	-13,206	-10,628
Poist Caillte mar % de Phoist Iomlán	-5.6%	-6.1%	-4.6%	-6.2%	-7.2%	-5.7%	-13.0%	-11.4%	-10.3%	-8.2%
Fostaíocht Eile	11,584	9,444	13,523	15,176	15,602	14,650	11,893	11,942	13,756	16,741

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Forfás

# Staitisticí

Tugann an rannóg seo sonraí cuimsitheacha maidir le gníomhaíocht IDA agus tugann sé sonraí stairiúla suas chun dáta ar shlí gur féidir comparáid a dhéanamh ó bhliain go bliain. Tugann se mionsonraí ar thionchar chomhlachtaí tacaithe ag an IDA ar an ngeilleagar, costas gach post cruthaithe agus inchothaithe agus cuireann sé ar fáil chomh maith sonraí fostaíochta suas chun dáta chun comparáid a dhéanamh le blianta roimhe seo, de réir earnála agus réigiúin.

## Bunús Chomhlachtaí Tacaithe Ag IDA - 2004

Bunús	Líon na gcomhlachtaí	Fostaíocht iomlán
Stáit Aontaithe Mheiriceá	478	90,236
An Ghearmáin	140	11,158
An Ríocht Aontaithe	116	6,824
An chuid eile den Eoraip	209	16,163
An Áis Aigéan Ciúin	46	3,002
An chuid eile den Domhan	33	1,563
<b>Iomlán</b>	<b>1,022</b>	<b>128,946</b>

## Tionchar Geilleagrach Chomhlachtaí Tacaithe Ag IDA

	2001 € billiún	2002 € billiún	2003 € billiún	% Athrú 2002/2003
Díolacháin	€67.93bn	€71.04bn	€71.97bn	+1.3%
Onnmhairí	€63.45bn	€66.83bn	€68.02bn	+1.8%
Caiteachas Díreach sa gheilleagar	€16.03bn	€15.36bn	€15.47bn	+0.7%
as sin:				
Costais phárolla	€5.41bn	€5.15bn	€5.08bn	-1.3%
Ábhair Éireannacha	€5.27bn	€5.07bn	€4.49bn	-11.5%
Seirbhísí Éireannacha	€5.35bn	€5.14bn	€5.90bn	+14.8%
Caiteachas Díreach mar % de Dhíolacháin	23.6%	21.6%	21.5%	

Foinse: Bunaithe ar an Annual Business Survey of Economic Impact, comhordaithe ag Forfás agus riarta ag Aonad Suirbhé an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

**Nóta 1:** Tá an suirbhé bunaithe ar chomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádálaithe go hidirnáisiúnta le 10 fostaí nó níos mó (gan comhlachtaí seirbhísí airgeadais rialaithe san áireamh)

**Nóta 2:** Tá na torthaí bunaithe ar chomhlachtaí a fhreagair an suirbhé i 2004 (iomlánaíthe chun neamh-fhreagróirí a léiriú). D'fhéadfadh torthaí a bheith difriúil ó mheastacháin roimhe seo de bharr athruithe déanta ag comhlachtaí agus difríochtaí i bpróifil na bhfreagróirí ó thréimhse suirbhé amháin go ceann eile

## Poist Nua De Réir Earnála – Comhlachtaí Tacaithe Ag IDA

Earnáil	2000	2001	2002	2003	2004
Cógais agus Cúram Sláinte	1,376	1,495	1,522	1,438	1,433
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	8,758	3,392	2,603	2,542	2,946
Innealtóireacht	1,477	1,005	593	576	478
Tionscal Ilghnéitheach	1,048	760	720	318	205
Seirbhísí Idirnáisiúnta agus Airgeadais	10,339	6,400	5,490	4,702	5,763
<b>Iomlán</b>	<b>22,998</b>	<b>13,052</b>	<b>10,928</b>	<b>9,576</b>	<b>10,825</b>

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Forfás

**Nóta 1:** Is é atá i gceist le poist nua ná poist nua curtha ar fáil don chéad uair nó poist líonta i gcomhlachtaí ag athghabháil a leibhéal fhostaíochta ó ghearradh siar na bliana roimhe sin.

**Nóta 2:** Tá earnálacha sainithe de réir an chóid NACE, atá mar an rangú staitistiúil caighdeánach de ghníomhaíochtaí geilleagracha san AE.

## Fostaíocht Iomlán De Réir Earnála – Comhlachtaí Tacaithe Ag IDA

Earnáil	2000	2001	2002	2003	2004	% athrú 2003/2004
Cógais agus Cúram Sláinte	17,873	18,605	19,016	19,326	19,985	+3.4%
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	51,775	46,311	43,499	41,362	41,887	+1.3%
Innealtóireacht	18,109	17,613	16,536	15,372	13,989	-9.0%
Tionscal Ilghnéitheach	11,600	10,492	10,047	9,282	8,243	-11.2%
Seirbhísí Idirnáisiúnta agus Airgeadais	41,821	43,470	43,281	43,407	44,842	+3.3%
<b>Iomlán</b>	<b>141,178</b>	<b>136,491</b>	<b>132,379</b>	<b>128,749</b>	<b>128,946</b>	<b>+0.2%</b>

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Forfás

**Nóta:** Tá earnálacha sainithe de réir an chóid NACE, atá mar an rangú staitistiúil caighdeánach de ghníomhaíochtaí geilleagracha san AE.

## Fostaíocht Iomlán De Réir Réigiúin – Comhlachtaí Tacaithe Ag IDA

Ceantar/Réigiún	2000	2001	2002	2003	2004	% athrú 2003/2004
<b>Teorainn</b>						
Iar-Thuaisceart/Dún na nGall	5,570	5,605	5,861	5,916	5,998	+1.4%
Oir-Thuaisceart	5,483	4,346	4,286	3,765	3,634	-3.5%
<b>Iarthar &amp; Lár Iarthar</b>						
Iarthar	13,089	12,988	11,793	11,878	11,868	-0.1%
Lár Iarthar	14,554	13,854	11,991	11,155	11,017	-1.2%
<b>Lár-Tíre &amp; Oirthear</b>						
Lár-Tíre	6,046	5,814	5,666	5,022	4,952	-1.4%
Oirthear	66,960	63,286	62,368	60,790	61,005	+0.4%
<b>Deisceart</b>						
Iar-Dheisceart	19,618	20,272	19,534	19,332	19,718	+2.0%
Oir-Dheisceart	9,858	10,326	10,880	10,891	10,754	-1.3%
<b>IOMLÁN</b>	<b>141,178</b>	<b>136,491</b>	<b>132,379</b>	<b>128,749</b>	<b>128,946</b>	<b>+0.2%</b>

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Forfás.

Feidhmíonn an Bord faoi phrionsabail dea-chleachtais rialachais chorparáideacha agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa *'Code of Practice for the Governance of State bodies'* mar atá eisithe ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus an úsáid a bhaineann sé as coistí.

Tá sé freagrach as polasaithe leathana na heagraíochta a leagadh síos agus as monatóireacht a dhéanamh ar a feidhmiúcháin. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí úsáid a bhaint as coistí an Bhoird atá dírithe orthu seo. Tá an bhainistíocht fheidhmiúcháin freagrach as an bpolasaí a chur i gcrích.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cead a thabhairt do chabhair dheontais suas leis na leibhéal a bhí leagtha amach sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus chun moladh a dhéanamh ar chabhair dheontais atá os cionn na leibhéal seo do na Rialtais.

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, cuireann baill an Bhoird Ráiteas Suime ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí.

De réir an 'Chóid Chleachtais don Rialachas de chomhlachtaí Stáit', cloíonn an IDA go hiomlán le polasaí Rialtais ar phá Phríomh Fheidhmeannaigh agus fhostaithe de chomhlachtaí Stáit agus le treoirlínte Rialtais ar tháillí a íoc chuig Baill an Bhoird.

# Bord 2005

## **John Dunne**

Cathaoirleach, IDA Ireland  
Stiúrthóir an Bhoird, Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann  
Stiúrthóir an Bhoird, Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

## **Loretta Brennan Glucksman**

Cathaoirleach, American Ireland Fund

## **Bernard Collins**

Cathaoirleach, VHI Healthcare  
Stiúrthóir de líon áirithe comhlachtaí gairis leighis Sean Leas-uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta agus Stiúrthóir den Bhord Idirnáisiúnta, Boston Scientific Corp.

## **Kieran Corrigan**

Páirtí Bainistíochta,  
Kieran Corrigan & Co., Chartered Accountants  
Stiúrthóir Bainistíochta, Merlin Films Int. Ltd.

## **Sean Dorgan**

Príomh Fheidhmeannach, IDA Ireland  
Ball an Bhoird, Forfás  
Cathaoirleach an Chomhlacht Rialacháin de Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)

## **Brid Horan**

Bainisteoir Ginearálta Pinsin, BSL  
Coimisinéir, Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

## **Gary Kennedy**

Stiúrthóir an Ghrúpa, Grúpa Airgeadais & Teicneolaíochta Fiontair, Banc Aontas Éireann  
Ball an Bhoird, Fondúireacht Ollscoil na Gaillimhe  
Ball an Bhoird, M&T Bank, Buffalo Nua Eabhrac

## **Thomas Lynch**

Cathaoirleach, Amarin Corporation plc  
Stiúrthóir, ICON plc  
Stiúrthóir, Tripep AB

## **Paul Mackay**

Cuntasóir Cairte agus Cleachtóir Dócmhainneachta

## **Gerard O'Mahoney**

Páirtí, Deloitte

## **Nial Ring**

Stiúrthóir, Fairlee Properties Ltd.

## **Brian Whitney**

Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## **Martin Burbridge**

Rúnaí

D'imigh Marie Gill ar scor ag deireadh na bliana 2004, ag teacht leis an gnáth próiseas de scoir rothlach.

Athcheapadh John Dunne don Bhord agus ceapadh Gerard O'Mahoney ar an mBord ar 3ú Feabhra 2005.

## Coiste Iniúchta & Airgeadais:

Cabhraíonn sé agus tacaíonn sé don Bhord ag scaoileadh a dhualgais dleathacha agus cuntasáíochta; téann sé i dteagmháil le iniúchóirí seachtracha agus déanann sé luacháil agus smachtaíonn sé an fheidhm iniúchta inmheánach; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus féachann sé ar bhuiséadadh agus socruithe bainc.

### **Baill:**

Gary Kennedy (Cathaoirleach)  
Loretta Brennan Glucksman  
Kieran Corrigan  
John Dunne  
Brian Whitney  
Gerard O'Mahoney

## Coiste Infheistíochta:

Déanann sé athbhreithniú ar mholtaí do chúnamh deontais ar bhonn tiomnaithe ón mBord chun deontais a fhormheasadh suas go uasmhéid de €1.5 milliún.

### **Baill:**

Nial Ring (Cathaoirleach)  
Kieran Corrigan  
Sean Dorgan  
Brian Whitney

# Coistí an Bhoird 2005

## Coiste um Fhorbairt Bhainistíochta & Luach Saothair:

Tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na foirne bhainistíochta agus as pleanáil de fhorbairt bhainistíochta agus leanúnachas. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearach i gcomhthéacs na treoirlínte Rialtais.

### **Baill:**

John Dunne (Cathaoirleach)  
Sean Dorgan  
Brid Horan  
Gary Kennedy

## Coiste Maoine:

Déanann sé athbhreithniú ar pholasáí maidir le maoiniú, soláthair, cothabháil agus an diúscairt de mhaoine, formheasann sé modhanna maidir le forthairiscint agus bronnadh conarthaí agus formheasann sé caiteachas/díolacháin de suas go €5 milliún.

### **Baill:**

Brid Horan (Cathaoirleach)  
Bernard Collins  
Sean Dorgan  
Thomas Lynch  
Paul Mackay

# Rialachas Corparáideach

**Is Gníomhaireacht Reachtúil Féinrialaitheach í IDA Ireland bunaithe faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2003. Oibríonn an Gníomhaireacht de réir na forálacha de na hAchtanna agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil cumhacht aige maoiniú a sholáthar chun a dualgais a chomhlíonadh agus treoracha polasaí ginearálta a eisiúint/eolas a lorg ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.**

Cé go bhfuil na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail mar an bpríomh fhoinsé de rialachas corparáideach do IDA Ireland, tá ar an nGníomhaireacht géilleadh do raon Riachtanais (Náisiúnta agus AE) Reachtúla agus Riaracháin eile. Deimhníonn IDA Ireland gur chomhlíon sé a dualgais maidir leis na riachtanais seo go léir. Go háirithe tá na gnáthaimh seo a leanas in áit aige lena chinntiú go ngéilleann sé le riachtanais sainiúla:

## 1. Riachtanais Pholasaí agus Riaracháin Ginearálta

Ag leibhéal náisiúnta, oibríonn IDA Ireland le feidhmeannaigh na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus feidhmeannaigh de Roinne Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, ag cur a Chuspóirí ar aghaidh agus ag cinntiú géilleadh le Riachtanais Reachtúla, Riaracháin agus Aireachta/Rialtais. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an Gníomhaireacht go dlúth le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus raon leathan d'eagraíochtaí áitiúla/ionadaithe poiblí chun an timpeallacht áitiúil riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh a fhorbairt.

Tá IDA Ireland ag cur treoir pholasaí i bhfeidhm eisithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar 15 Deireadh Fómhair 2003 agus a léann mar seo a leanas:

*“I Márta 2002 ghlac an Coimisiún Eorpach le Creat Il-Earnálacha maidir le cúnaimh réigiúnach do thionscadail mhóra infheistíochta. Tá cinneadh déanta freisin ag an gCoimisiún*

*líon bhearta a mholadh faoi Airteagal 88(1) den Chonradh mar atá leagtha amach sa Chreat. Chun gur féidir na ceanglais ata gan socrú a chomhlíonadh, leasaítear leis seo na Rialacháin Riaracháin reatha a bhaineann le scéimeanna cúnaimh réigiúnaigh um fhorbairt tionscail don tréimhse 2000 go 2006.*

*De réir na gcumhachtaí atá bronnta ar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le hAlt 13 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, treoraím leis seo, mar pholasaí ginearálta agus faoi réir chomhall an Achta go seachadfar de réir na rialachán seo tacaíocht IDA le tionscadail infheistíochta tosaigh agus le tionscadail chun poist a chruthú atá nasctha le hinfeistíocht sa tréimhse 2000 go 2006.”*

## 2. Cód Cleachtas do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Cloíonn IDA Ireland go hiomlán leis an gCód Cleachtas seo agus go háirithe dearbhaíonn sé a ghéilleadh leis na hAilt seo a leanas.

**Ailt 9.2 & 10.2:** Chloígh Cathaoirleach an Bhoird leo seo i litir neamhspleách tugtha don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**Ailt 10.1 & 10.2 (iii):** tá córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach cothaithe agus oibrithe ag an nGníomhaireacht. (Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach, leathanach 27).

**Alt 10.2 (v):** Cloítear le polasaí Rialtais i leith pá na bPríomh-Fheidhmeannach agus na bhfostaithe de chomhlachtaí Stáit. (Nótaí do na Ráitis Airgeadais, Uimh.8 leathanach 35, agus Bord 2005, leathanach 18).

**Alt 10.2 (vi):** Cloítear le treoirlínte Rialtais ar tháillí Stiúrthóirí a íoc. (Nótaí do na Ráitis Airgeadais, Uimh.8 leathanach 35, agus Bord 2005, leathanach 18).

**Alt 11:** Bhunaigh Bord IDA próisis chun pleanáil corparáideach iontaofa a dheimhniú, srl., mar atá riachtanach faoin Alt seo. (Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach, leathanach 27, agus Bord 2005, leathanach 18).

**Ailt 12.1 & 2:** Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir neamhspleách tugtha don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, gur chloígh IDA lena oibleagáidí faoi dhlí cánach.

### 3. Ráiteas Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim SP - IT/1/04 ar Chóireáil Chánach de Luach Saothair Baille de Choistí agus Bhoird Stáit agus Urraithe ag an Stát.

Cloíonn IDA Ireland go hiomlán leis an Ráiteas Cleachtais seo.

### 4. Treoirínte don Luacháil agus don Bhainistiú de Mholtaí Caiteachais Chaipitil.

Tá gnáthaimh urrúnta fíor-bunaithe in áit ag IDA don luacháil agus don bhainistiú de thionscadail chaiteachais chaipitil a thagann chun cinn faoi na cláir dheontais chaipitiúla agus mhaoine Cloíonn na gnáthaimh seo leis na prionsabail leagtha amach sna Treoirínte don Luacháil agus don Bhainistiú de Mholtaí Caiteachais Chaipitil.

### 5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Is tosaíocht bunaithe í comhionannas don IDA. Tá clár oibre comhionannais agus éagsúlachta forchéimnitheach ag an eagraíocht agus bíonn tionscnaimh nua á fhorbairt ar bhonn leanúnach.

Is fostóir le deiseanna comhionanna é an IDA mar a déantar ranníocaíocht pearsanta a spreagadh agus is mór agann éagsúlachtaí. Chuirge seo táimid tiomanta lena chinntiú nach bpléitear le haon bhall foirne den IDA, nó iarratasóir ar fhostaíocht san IDA, i slí níos lú fabhraí ná aon duine eile ar fhorais inscne, stádais pósta, stádais teaghlaigh, treoshuimh ghnéasach, creidimh, aoise, míchumais, cine, gur den lucht siúil iad nó aon fhorais eile nach mbaineann le cleachtas maith fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá IDA tiomanta le timpeallacht oibre/saoil cothrom a chothú agus a fhorbairt dá fhoireann go léir.

### 6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

De réir an Achta seo leanann IDA Ireland le tomhais iomchuí a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostóirí go léir laistigh dá oifigí a chothú. Cuirtear san áireamh leis seo na hAchtanna um Shláinte Poiblí (Tobac) is déanaí 2002 agus 2004.

### 7. An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha fo-Bhoird ag feidhmiú go héifeachtach in IDA Ireland agus tá siad mar thréith aitheanta de chumarsáidí agus struchtúir comhairleach na heagraíochta. Cuireann an bainistíocht agus an fhoireann araon fáilte roimh an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach.

### 8. Na hAchtanna um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

De réir an Achta thuas, tá ráitis maidir le leas déanta ag gach ball foirne den IDA a bhfuil poist sainithe aige nó aici, igcomhréir le forálacha an Achta.

### 9. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997

Cloíonn IDA Ireland leis an Acht seo. Ba chóir iarratais d'eolais faoin Acht seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannach um Shaoráil Faisnéise, IDA Ireland, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

### 10. Éifeachtacht Fhuinnimh

In gcomhréir le meabhrán an Rialtais do Mheitheamh 2001, cuireann IDA Ireland prionsabail 'dea-chleachtais' i bhfeidhm i ngach cás maidir le dearadh, planáil agus foirgníocht oifigí agus fhoirgnimh déantúsaíochta ar a chuid Pháirceanna Gnó agus Teicneolaíochta. Cloíonn oifigí IDA sna réigiúin leis na prionsabail 'dea-chleachtais' chomh maith. Tá na hoifigí i mBaile Átha Cliath faoi bhainistíocht Forfás.



# Oifigí IDA Ireland

*Chun dul i dteagmháil le IDA  
Ireland –*

Seoladh r-phost ginearálta:  
**idaireland@ida.ie**

Seoltaí r-phost pearsanta do  
gach ball foirne:  
**firstname.surname@ida.ie**

Suíomh idirlín:  
**www.idaireland.com**

## Ceannoifig

IDA Ireland  
Teach Pháirc Wilton,  
Plás Wilton,  
Baile Átha Cliath 2,  
Éire

Fón: + 353 1 603 4000  
Facs: + 353 1 603 4040

## Oifigí Réigiúnacha

**An Teorainn**  
Bóthar Bhaile Átha Cliath  
An Cabhán

Fón: (049) 436 8820  
Facs: (049) 433 2047

**Dún na nGall**  
Teach Portland  
Bóthar an Phoirt  
Leitir Ceanainn  
Co. Dhún na nGall

Fón: (074) 9169 810  
Facs: (074) 9169 801

**An tIar-Thuaisceart**  
Páirc Ghnó Fion Arclain  
Sligeach

Fón: (071) 9159 710  
Facs: (071) 9159 711

**An tOir-Thuaisceart**  
Campas Gnó Finnabair  
Dún Dealgan  
Co. Lú

Fón: (042) 935 4410  
Facs: (042) 935 4411

**An tIarthar**  
Páirc Ghnó Mervue  
Gaillimh

Fón: (091) 735 910  
Facs: (091) 735 911

**An tIarthar-Láir**  
1<sup>ú</sup> Urlár,  
Teach Chandler  
Sráid Aonraoi  
Luimneach

Fón: (061) 468020  
Facs: (061) 468030

**An tIar-Dheisceart**  
Teach an Tionscail  
Ascaill Rossa  
Baile an Easpaig  
Corcaigh

Fón: (021) 480 0210  
Facs: (021) 480 0202

**An tOir-Dheisceart**  
Páirc Ghnó & Teicneolaíochta  
Phort Láirge  
Bóthar Chorcaí  
Port Láirge

Fón: (051) 333055  
Facs: (051) 333054

**Lár -Tíre**  
Páirc Ghnó & Teicneolaíochta  
Bhaile Átha Luain  
Garraí an Chaisleáin  
Bóthar Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarMhí

Fón: (090) 6471 500  
Facs: (090) 6471 550

**An tOirthear**  
Teach Pháirc Wilton  
Plás Wilton  
Baile Átha Cliath 2

Fón (01) 603 4000  
Facs: (01) 603 4298

## Oifigí Coigríche

### An Eoraip

**An Ghearmáin**  
Bockenheimer Landstrasse 39  
60325 Frankfurt am Main

Fón: (69) 70 60990  
Facs: (69) 70 609970

**An Ísiltír**  
World Trade Center,  
Strawinskylaan 861,  
1077 XX Amsterdam

Fón: (20) 679 8666  
Facs: (20) 679 1321

**An Ríocht Aontaithe**  
Ireland House,  
150 New Bond Street,  
London W1S 2TX

Fón: (020) 7629 5941  
Facs: (020) 7629 4270

## Stáit Aontaithe Mheiriceá

**Nua-Eabhrac**  
17 Floor,  
345 Park Avenue,  
Nua-Eabhrac,  
NY 10154

Fón: (212) 750 4300  
Facs: (212) 750 7357

**Atlanta**  
IDA Ireland  
PO Box 190129  
Atlanta  
GA 31119 - 0129

Fón: (404) 257 8799  
Facs: (404) 257 0529

**Bostún**  
The Statler Building,  
20 Park Plaza,  
Suite 520,  
Boston, MA 02116

Fón: (617) 482 8225  
Facs: (617) 338 4745

**Chicago**  
77 West Wacker Drive,  
Suite 4070,  
Chicago,  
IL 60601-1629

Fón: (312) 236 0222  
Facs: (312) 236 3407

**Mountain View**  
800 W. El Camino Real,  
Suite 450,  
Mountain View,  
CA 94040

Fón: (650) 967 9903  
Facs: (650) 967 9904

## An Áise – Aigéan Ciúin

**An Astráil**  
Ireland House,  
Level 30, 400 George Street,  
Sydney, NSW 2000

Fón: (2) 8233 6224  
Facs: (2) 8233 6227

**An tSeapáin**  
Teach Ireland 2F,  
2-10-7 Kojimachi,  
Chiyoda-Ku,  
Tokyo 102 - 0083

Fón: (3) 3262 7621  
Facs: (3) 3261 4239

**An Chóiré**  
Ireland House,  
Daehan Fire and Marine  
Insurance Building,  
15th Floor,  
51-1 Namchang Dong,  
Chung-Ku,  
Seoul 100-778,

Fón: (2) 755 4767/8  
Facs: (2) 757 3969

**Téaváin**  
ITI Ireland,  
Room 7B-09, Floor 7,  
Taipei World Trade Centre,  
5 Hsin Yi Road,  
Section 5, Taipei

Fón: (2) 2725 1691  
Facs: (2) 2725 1653

# Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur  
i láthair Thithe an Oireachtais

Raiteas maidir le Freagrachtaí Comhaltaí den Bhord

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunús Cuntasaíochta

Beartais Chuntasaíochta

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 28 go dtí 44 iniúchta agam faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

## Freagrachtaí Bhord na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta Bhord na Gníomhaireachta leagtha amach ar leathanach 26. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a chuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 27 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léiritear ann gur chomhlíon an Gníomhaireacht treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Gníomhaireacht amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasáíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Gníomhaireacht agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2004 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas agus ar a sreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch sin.



**John Purcell**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

6 Bealtaine 2005

# Ráiteas Faoi Dhualgais Bhaill an Bhoird

Bunaíodh The Industrial Development Agency Ireland (IDA) ar 1 Eanáir 1994 mar ghníomhaireacht de Forfás (an Bord comhairleach agus polasaí de fhorbairt tionscail in Éirinn) faoi fhórála an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993.

Tá sé riachtanach de réir Ailt 7 (2) den Chéad Sceideal don Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 go gcoiméadfadh an Ghníomhaireacht, ina leithéid de fhoirm agus atá molta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais, gach cuntas ceart agus coitianta ar airgead faighte agus caite aige. Ag ullmhú na gcuntas seo, tá sé riachtanach don Bhord:

- *polasaithe cuntasáochta cearta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;*
- *breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá reasúnta agus stuama*
- *na Ráiteas Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthach leantach mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Ghníomhaireacht ag feidhmiú;*
- *aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin cuntasáochta feidhmeacha a nochtadh agus a mhíniú.*

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntasáochta cearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas reasúnta seasamh na Gníomhaireachta a chinntíonn go bhfuil na Ráitis Airgeadais géillsineach do Alt 7 (2) den Chéad Sceideal don Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Tá an Bord freagrach chomh maith as socmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus mar sin céimeanna reasúnta a thógail chun camastáil agus mírialtachtaí eile a chosc.

Thar Cheann an Bhoird:

**John Dunne**  
Cathaoirleach

**Sean Dorgan**  
Príomh Fheidhmeannach

**Gary Kennedy**  
Cathaoirleach  
Coiste Iniúchta agus Airgeadais

# Ráiteas ar an gCóras de Rialú Airgeadais Inmheánach

Thar ceann an Bhoird an IDA aithním ár bhfreagracht as cinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach coinnithe agus feidhmíthe ag an nGníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú lán a sholáthair go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil botúin ábhartha nó mírialtachtaí coiscthe nó go mbeadh siad aitheanta i dtréimhse tráthúil.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach in áit trí:

- *nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint*
- *dualgais agus chumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú agus a thairfeadh go soiléir*
- *chultúr cuntasachta láidir a fhorbairt trasna gach leibhéal den eagraíocht*

Tá próisis bunaithe ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas. Baintear é seo amach i roinnt slite lena n-áirítear:

- *ag obair go dlúth leis an Rialtas agus gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint soiléir de chuspóirí IDA agus tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na cuspóirí sin a bhaint amach*
- *ag déanamh athbhreithnithe rialta ar phleananna straitéiseacha idir gearr-théarmach agus fadtéarmach agus na rioscaí a mheas chun na pleananna sin a chur i gcrích*
- *ag leagadh síos spriocanna bliantúla agus do théarma níos faide de gach réimse dár ngnó leanta le tuairisciú rialta ar na torthaí bainte amach*
- *ag déanamh athbhreithnithe rialta ar fhorbairtí agus straitéisí inár n-earnálacha gnó*
- *ag bunú agus ag cur nósanna imeachtaí agus forálacha caighdeánacha faisning i bhfeidhm faoina d'fhéadfadh go mbeidh cúnaimh airgeadais curtha ar fáil do thionscadail, le forálacha gur gá aisíocaíocht a dhéanamh mura gcomhlíonann an tionscadail geallta déanta ag an tionscnóir san áireamh*

Tá an córas de rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat oibre de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riarthacha le roinneadh dualgais, agus córas toscaireachta agus cuntasachta san áireamh. Go háirithe áiríonn sé:

- *córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord*
- *athbhreithnithe rialta ag an mBord de thuarascálacha tréimhsiúla agus airgeadais bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí*
- *ag leagadh síos spriocanna chun feidhmíochtaí airgeadais agus eile a ríomh*
- *treoirlínte rialaithe infheistíochta chaipitiúil sainmhínithe go soiléir*
- *disciplín bainistíochta tionscadail foirmiúil*

Tá roinn iniúchta inmheánach ag an IDA, a thuiriscíonn go díreach don Choiste Iniúchta & Airgeadais den Bhord. Tagann an coiste seo le chéile ar bhonn ráithiúil chun tuarascálacha ullmhaithe ag an Roinn Iniúchta Inmheánach agus ranna eile a athbhreithniú. Coimeádann an Coiste Iniúchta & Airgeadais faoi seach an Bord ar an eolas de na hábhair a bhfuil measta ann.

